



1916
.....
2016

CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN
Centenary Programme

LUIMNEACH / LIMERICK



Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary Programme

PROOF

19
.....
20 16

The Seven Programme Strands

Seacht Snáithe an Chláir

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie



State and Local Ceremonial

Searmanais Stáit agus Áitiúla

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.



Historical Reflection

Machnamh ar an Stair

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.



The Living Language

An Teanga Bheo

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.



Youth and Imagination

An Óige agus an tSamhlaíocht

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.



Cultural Expression

Léiriú Cultúrtha

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.



Community Participation

Rannpháirtíocht Phobail

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.



Global and Diaspora

Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

Foreword Brollach

The 1916 Centenary Commemoration Programme has attracted considerable interest in Limerick and there has been widespread public engagement to facilitate community involvement. Public consultation meetings were held to stimulate discussion and ideas on how the 100th anniversary of the 1916 Rising should be commemorated. Proposals were also made in writing and by email.

Two working committees were established – an Elected Members Committee and a Staff Committee representing Cultural Services.

REMEMBERING LIMERICK PEOPLE INVOLVED IN THE RISING

Limerick has many important links with the 1916 Rising and it is planned to commemorate these in a programme of events and activities in 2016.

Two of the sixteen leaders executed after the Rising were Limerick men, namely Con Colbert and Edward Daly.

Con Colbert served under Eamonn Ceannt and commanded the garrison at Watkin's Brewery, Ardee Street and Jameson's Distillery, Bow Street. He also took part in the fighting at Marrowbone Lane. On 8th May 1916 he was executed for his role in the Rising.

Edward Daly was born in Frederick Street and went to school at Leamy's and CBS Sexton Street. On Easter Monday 1916 he commanded the First Battalion of the Dublin Brigade and was in charge of the Four Courts Garrison. He was court-martialled, sentenced to death and executed in Kilmainham Jail on 4th May 1916.

Eamonn De Valera also played a significant role and was a leader in 'Bolands Mill'. He became the first President of the new Dáil Éireann in 1919.

Kathleen Clarke (nee Daly) was from a prominent Republican family in Limerick and married Tom Clarke. She was a founding member of Cumann na mBan and she set up the Prisoners' Dependents Fund immediately after the Rising.

Tommy McInerney, Sam Windrim and Donal Sheehan all took part in a mission to aid unloading of arms on Good Friday 1916 in which Donal Sheehan lost his life.

Tá Clár Comórtha Céad bliain 1916 tar éis suim mhór a mhúscailt i Luimneach agus bhí rannpháirtíocht phoiblí fhairsing ann chun rannpháirtíocht an phobail a éascú. Tionóladh cruinnithe comhairliúcháin poiblí chun plé agus smaointe a spreagadh ar an gcaoi ar chóir comóradh 100 bliain Éirí Amach 1916 a cheiliúradh. Rinneadh moltaí i scríbhinn freisin agus ar ríomhphost.

Bunaíodh dhá choiste oibre – Coiste de Chomhaltaí Tofa agus Coiste Foirne a dhéanann ionadaíocht thar ceann na Seirbhísí Cultúrtha.

NA DAOINE AS LUIMNEACH BHÍ PÁIRTEACH SAN ÉIRÍ AMACH A THABHAIRT CHUN CUIMHNE

Is iomaí nasc tábhachtach atá ag Luimneach leis an Éirí Amach agus tá sé i gceist iad seo a chomóradh i gclár imeachtaí agus gníomhaíochtaí in 2016.

Ba as Luimneach do bheirt de na sé cheannaire déag a cuireadh chun báis tar éis an Éirí Amach, is iad sin Con Colbert agus Edward Daly.

Thug Con Colbert seirbhís faoi Éamonn Ceannt agus bhí sé i gceannas ar an ngarastún ag Drioghlann Watkin i Sráid Bhaile Átha Fhirdhia agus Drioghlann Jameson, Sráid Bowes. Ghlac sé páirt freisin sa troid ag Lána Mhuire Mhaith. Cuireadh chun báis é ar an 8 Bealtaine 1916 mar gheall ar a ról san Éirí Amach.

Rugadh Edward Daly i Sráid Fhreidric agus chuaigh sé ar scoil i Leamy's agus ansin SBC Shráid Uí Sheasnáin. Ar Luan Cásca 1916 bhí sé i gceannas ar Chéad Chathlán Bhríogáid Bhaile Átha Cliath agus bhí sé i gceannas ar Gharastún na gCeithre Chúirt. Cuireadh armchúirt air, daoradh chun báis é agus cuireadh chun báis é i bPríosún Chill Mhaighneann ar 4ú Bealtaine 1916.

Bhí ról suntasach ag Éamon De Valera freisin agus bhí sé ina cheannaire ar 'Mhuileann Uí Bheoláin'. Tháinig sé chun a bheith ina Chéad Uachtarán ar Dháil Éireann nuabhunaithe i 1919.

Ba dhuine de theaghlach Poblachtach mór le rá i Luimneach í Kathleen Clarke (nee Daly) agus phós sí Tom Clarke. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann na mBan agus chuir sí Ciste Cleithiúnaigh na bPríosúnach ar bun díreach i ndiaidh an Éirí Amach.

Dr. Richard Hayes fought in the Rising, seeing action with Thomas Ashe at Ashbourne, Co. Meath. He was arrested and imprisoned in England.

The involvement of the above and other Limerick men and women in the 1916 Rising will be commemorated in a Programme of events in 2016. There are proposals for a number of memorial gardens to serve as a permanent legacy of 1916. There are also tree planting ceremonies planned throughout the county.

Limerick Genealogy will research and publish family histories of Con Colbert and Edward Daly while Donal Sheehan will be remembered in a series of events in Newcastle West.

A MISCELLANY OF COMMEMORATIVE EVENTS

There will be a re-enactment of the march by 300 Volunteers to Glenquin Castle on Easter Sunday 1916. Eamonn De Valera will be remembered in a series of events in the De Valera Museum, Bruree.

A project 'Limerick: A Musical Auto-Ethnography' will look at music in Limerick in the 100 years since 1916. Anglesboro Drama Group will produce a play '1916 How Did We Get here'.

There will be an exhibition in Friarsgate Theatre, Kilmallock, of tapestries based on the theme of 1916. Limerick Printmakers will run a 1916 project with community groups.

The Limerick Writers Centre will produce an 'Anthology of Reactions to 1916' and 'Children of the Revolution' is an inter-county traditional music and song research project.

An interesting street project entitled 'Reimagining Travel' will celebrate a particular mode of transport used in 1916, namely, cargo bikes.

There will be a historic graveyard project creating links to those who fought in 1916 from the Ballyhoura area while an oral history project will be run in West Limerick recording stories of those with 1916 connections.

Ghlac Tommy McInerney, Sam Windrim agus Donal Sheehan páirt i misean chun cuidiú le díluchtú arm ar Aoine an Chéasta 1916 inar cailleadh Donal Sheehan.

Ghlac an Dr. Richard Hayes páirt sa troid san Éirí Amach, é i mbun gnímh le Tomás Aghas ag Cill Dhéagláin i gContae na Mí. Gabhadh é agus cuireadh i bPríosún i Sasana é.

Déanfar rannpháirtíocht na ndaoine thuas agus fir agus mná eile ó Luimneach in Éirí Amach 1916 a chomóradh i gClár imeachtaí in 2016. Tá tograí do roinnt gairdíní cuimhneacháin le bheith ina n-oidhreacht bhuan ar 1916. Tá searmanais churtha crann beartaithe freisin ar fud an chontae.

Déanfaidh Limerick Genealogy taighde agus foilseoidh siad stair teaghlach Con Colbert agus Edward Daly agus tabharfar Donal Sheehan chun cuimhne i sraith imeachtaí sa Chaisleán Nua Thiar.

BOLG SOLÁTHAIR D'IMEACHTA COMÓRTHA

Beidh ath-tearmachtú ar an máirseáil a rinne 300 de na hÓglaigh chuig Caisleán Ghleann an Choim ar Dhomhnach Cásca 1916. Tabharfar Éamon De Valera chun cuimhne i sraith imeachtaí ag Músaem De Valera, i mBrú Rí.

Breathnófar leis an tionscadal 'Limerick: A Musical Auto-Ethnography' ar cheol i Luimneach sa 100 bliain ó 1916. Léireoidh Grúpa Drámaíochta Ghleann na gCreabhar dráma '1916 How Did We Get Here'.

Beidh taispeántas ar siúl in Amharclann Friarsgate, i gCill Mocheallóg, de thaipéisí bunaithe ar théama 1916. Reachtálfaidh Déantóirí Priontaí Luimnigh tionscadal 1916 le grúpaí pobail.

Cuirfidh Ionad Scríbhneoirí Luimnigh 'Anthology of Reactions to 1916' ar fáil chomh maith le tionscadal taighde amhráin agus ceoil idirchontae, 'Children of the Revolution'.

Déanfaidh tionscadal sráide suimiúil dar teideal 'Reimagining Travel' modh taistil a úsáideadh i 1916 a cheiliúradh, is é sin an rothar lastais.

The Limerick Spring, a festival of politics will focus on the 1916 Proclamation while EVA 2016 will reflect on the Rising.

The Library Service in Limerick will open a new Local Studies Department at the Granary in 2016. To launch this, a series of public lectures on 1916 will be held including historians Dr. Diarmaid Ferriter, Dr. John O'Callaghan and Sinead McCool.

The Limerick Museum will be re-launched and open to the public in a city centre venue and it will host a major exhibition on 'Life in Limerick in 1916'. The Tricolour seized from the Limerick Volunteers in 1916 and currently held at the British Royal Museum will be returned and put on display.

The University of Limerick will hold a special concert in May 2016 to mark the centenary of the executions of the leaders of the Rising.

Iarnród Éireann will be unveiling a panel at Colbert Station in 2016 with a specially commissioned portrait of Con Colbert, some details of his life and a QR code that will allow download of a short ebook about him.

Beidh tionscadal reilige stairiúla ann a chruthaíonn naisc leo siúd ó cheantar Bhealach Eabhra a throid i 1916 agus reáchtálfar tionscadal staire ó bhéal in Iarthair Luimnigh agus scéalta na ndaoine sin a bhfuil nasc acu le 1916 á dtaifeadh.

Díreoidh Earrach Luimnigh, féile pholaitíochta, ar Fhorógra 1916 agus déanfaidh EVA 2016 machnamh ar an Éirí Amach.

Oscloídh an tSeirbhís Leabharlainne i Luimneach Roinn Staidéar Áitiúla nua sa Ghráinseach in 2016. Chun é seo a sheoladh tionólfar sraith léachtaí poiblí ar 1916 agus ar na staraíthe áireofar an Dr. Diarmaid Ferriter, Dr. John O'Callaghan agus Sinead McCool.

Déanfar Músaem Luimnigh a athsheoladh agus osclófar don phobal é in ionad i lár na cathrach agus tionólfar ann mórthaispeántas ar 'An Saol i Luimneach i 1916'. Tabharfar ar ais Bratach na dTrí Dhath a tógadh ó Óglaigh Luimnigh i 1916 agus atá san British Royal Museum faoi láthair agus beidh sí ar taispeántas.

Reáchtálfadh Ollscoil Luimnigh ceolchoirm speisialta i mBealtaine 2016 le hurraim a thabhairt do chomórath céad bliain ó cuireadh ceannairí an Éirí Amach chun báis.

Nochtfaidh Iarnród Éireann painéal ag Stáisiún Cholbaird in 2016 le portráid de Con Colbert a coimisiúnaíodh go speisialta, roinnt mionsonraí dá shaol agus cód QR a cheadóidh íoslódáil r-leabhar gairid ina thaobh.

Programme An Clár



Ceremonial Searmanais

Newcastle West Kilmallock Rathkeale An Caisleán Nua Cill Mocheallóg Ráth Caola	1916 Memorial Garden including commemorative plaque in all 3 Municipal District Areas.	Gairdín Cuimhneacháin 1916 lena n-áirítear plaic chomórtha i ngach ceann de na 3 Limistéar Ceantair Bhardasaigh.
Limerick City Cathair Luimnigh	1916 Memorial Garden including commemorative plaque at Merchant's Quay.	Gairdín Cuimhneacháin 1916 lena n-áirítear plaic chomórtha ag Cé na gCeannaithe.
Castlemahon, Limerick Caisleán Maí Tamhnach, Luimneach	Con Colbert Memorial (birthplace of Con Colbert).	Cuimhneachán Con Colbert (áit bhreithe Con Colbert).
Demesne, Newcastle West, Limerick Demesne, An Caisleán Nua, Luimneach	Commemorative Tree Planting for Easter 1916.	Cur Crann Comórtha don Cháisc 1916.
Athea, Limerick Áth an tSléibhe, Luimneach	Con Colbert Commemoration Event.	Imeacht Comórtha Con Colbert.
Grange, Kilmallock, Limerick An Ghráinseach, Cill Mocheallóg, Luimneach	Plant 7 trees to commemorate the 1916 leaders.	Cur 7 gcrann le ceannairí 1916 a chomórath.
Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick International Veterans Day Parade 2016 and The Military History of Limerick, 1915-1923 by O.N.E.	Paráid Lá Idimáisiúnta Iarshaighdiúirí Luimnigh 2016 agus Stair Mhíleata Luimnigh, 1915-1923 ag O.N.E.
Limerick Luimneach	Ceremonial events at Newcastle West Monument, Ballintubrid Monument and Sarsfield Bridge Monument, featuring the Defence Forces.	Imeachtaí searmanais ag Séadchomhartha an Chaisleáin Nua, Séadchomhartha Bhaile na Tiobraide agus Séadchomhartha Dhroichead Sarsfield, Óglaigh na hÉireann i láthair.

Limerick City Cathair Luimnigh	Colbert Station to unveil a portrait of Con Colbert with QR code so that passengers can download a short e-book about his life.	Stáisiún Cholbaird chun portráid de Con Colbert a nochtadh le cód QR sa chaoi gur féidir le paisinéirí r-leabhar gairid faoina shaol a íoslódáil.
-----------------------------------	---	---



Historical Reflection Machnamh ar an Stair

Newcastle West/Athea An Caisleán Nua/Áth	Family History of Con Colbert by Limerick Genealogy.	Stair Teaghlaigh Con Colbert ag Limerick Genealogy.
Limerick City Cathair Luimnigh	Family History of Edward Daly by Limerick Genealogy.	Stair Teaghlaigh Edward Daly ag Limerick Genealogy.
Galbally, Limerick An Gallbhaile, Luimneach	1916 Commemoration Galbally and Reading of Proclamation, collection of local material leading to an exhibition, organised talks/lectures.	Comóradh 1916 an Ghallbhaile agus Léamh an Fhorógra, bailiú ábhair áitiúil do thaispeántas, cainteanna agus léachtaí eagraithe.
Knocklong, Limerick Cnoc Loinge, Luimneach	Remembering Munster 1916: Public Lecture.	Ag Cuimhneamh ar an Mumhain 1916: Léacht Phoiblí.
Bruree, Limerick Brú Rí, Luimneach	Programme of events hosted in remembrance of the 1916 Easter Rising and a Talk on Eamonn De Valera.	Clár imeachtaí á n-óstáil i gcuimhne Éirí Amach na Cásca 1916 agus Caint ar Éamon de Valera.
Newcastle West, Limerick An Caisleán Nua, Luimneach	Exhibition and Lecture on the lives of Con Colbert and Donal Sheehan.	Taispeántas agus Léacht ar shaolta Con Colbert agus Donal Sheehan.
Rathkeale, Limerick Ráth Caola, Luimneach	Lectures in 2016 on Easter Rising by Rathkeale Historical Society.	Léachtaí in 2016 ar Éirí Amach na Cásca ó Chumann Staire Rath Caola.
Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick Spring – Festival of Politics. Looking at 1916 Proclamation and where we are now.	Earrach Luimnigh – Féile Pholaitíochta. Breathnú ar Fhorógra 1916 agus cá bhfuilimid anois.
Limerick City Cathair Luimnigh	Facsimile reproductions of the Limerick Leader for the week of the Rising will be produced and displayed.	Cuirfear atáirgeadh macasamhlach an Limerick Leader do sheachtain an Éirí Amach ar fáil agus ar taispeánt.
Limerick Luimneach	The Old Limerick Journal will produce a special 1916 commemoration edition.	Cuirfidh an Old Limerick Journal eagrán comórtha 1916 ar leith ar fáil.

Limerick Luimneach	Public lectures on 1916 will include Dr. Diarmaid Ferriter, Dr. John O'Callaghan and Sinead McCool.	Ar léachtaí poiblí ar 1916 áireofar an Dr. Diarmuid Ferriter, an Dr. John O'Callaghan agus an Dr. Sinéad McCool.
Rathkeale, Limerick Ráth Caola, Luimnigh	An exhibition to be held in Rathkeale on Dr. Richard Hayes, a Limerick man who participated in the Rising.	Taispeántas le reáchtáil i Rath Caola ar an Dr. Richard Hayes, Luimníoch a ghlac páirt san Éirí Amach.
Limerick Luimneach	Re-imaging Travel by Limerick in Smarter Travel.	Athshamlú ar Thaisteal ó Smarter Travel Luimnigh.
Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick Museum and Archives to open at the former Franciscan Church and will host a major exhibition on Life in Limerick in 1916.	Músaem agus Cartlann Luimnigh le hoscailt san Iarshéipéal Proinsiasach agus is ann a thionólfar mórthaispeántas ar an Saol i Luimneach i 1916.
Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick Museum to display the Tricolour seized from the Limerick Volunteers in 1916 which is currently held by the British Royal Museum.	Cuirfidh Músaem Luimnigh Bratach na dTrí Dhath a gabhadh ó Óglaigh Luimnigh i 1916 agus atá san British Royal Museum faoi láthair, ar taispeánt.
Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick Archives to host an exhibition, Limerick on the Eve of Revolution, using material sourced from a series of road shows held in Summer 2015.	Déanfaidh Cartlann Luimnigh taispeántas a óstáil dar teideal Limerick on the Eve of Revolution agus ábhar a tógadh ó shraith seónna bóthair, a cuireadh i láthair an Samhradh seo, in úsáid.



The Living Language An Teanga Bheo

Limerick Luimneach	Rith 2016 – nationwide relay run to celebrate the Irish Language.	Rith 2016 – rith sealaíochta ar fud na tíre chun an Ghaeilge a cheiliúradh.
Limerick Luimneach	The Seachtain na Gaeilge Programme will host a range of Irish events.	Déanfaidh Clár Sheachtain na Gaeilge raon imeachtaí Gaeilge a réachtáil.
Newcastle West An Caisleán Nua	A cultural event at Newcastle West will include a focus on the Irish language.	Áireofar fócas ar an nGaeilge in imeacht cultúrtha sa Chaisleán Nua.
Limerick Luimneach	Through our Gaelscoilleanna, the numerous initiatives aimed at young people will be delivered through the Irish language.	Trínár gcuid Gaelscoilleanna, déanfar an iliomad tionscnamh dírithe ar dhaoine óga a sheachadadh trí Ghaeilge.



Youth and Imagination

An Óige agus an tSamhlaíocht

Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick: A Musical Auto-Ethnography, 1916-2016.	Limerick: A Musical Auto-Ethnography, 1916-2016.
Limerick City Cathair Luimnigh	Exhibition “Cherish our Children” and Community and the fabric of Equality 100 years on by Limerick Printmakers.	Taispeántas “Cherish our Children” agus Community and the fabric of Equality 100 years on ó Dhéantóirí Priontaí Luimnigh.
Limerick Luimneach	“Your Ireland” – 1916 Poetry Competition Event with Post Primary Schools.	“Your Ireland” – Imeacht Chomórtas Filíochta 1916 le Scoileanna Iar-bhunoideachais.
Limerick Luimneach	Limerick Archives to issue an education pack for all Limerick Schools to include documents, songs and narrative explaining the local and national context of 1916.	Tá Cartlann Luimnigh le paca oideachais a eisiúint do gach scoil i Luimneach ina n-áireofar doiciméid, amhráin agus scéal a mhíniú comhthéacs áitiúil agus náisiúnta 1916.



Cultural Expression

Léiriú Cultúrtha

Kilmallock, Limerick Cill Mocheallóg, Luimneach	Exhibition Tapestries for the Centenary of 1916 by Deirdre Carr.	Taispeántas Taipéisí do Chomóradh Céad Bliain 1916 le Deirdre Carr.
Newcastle West, Limerick An Caisleán Nua, Luimneach	Cultural Night A night of song, poetry and commemoration.	Oíche Cultúrtha Oíche cheoil, filíochta agus chomórtha.
Anglesboro, Limerick Gleann na gCreabhbar, Luimneach	How Did We Get Here? The 1916 Rising by Anglesboro Drama Group.	How Did We Get Here?: The 1916 Rising ó Ghrúpa Drámaíochta Ghleann na gCreabhbar.
Limerick City Cathair Luimnigh	Exhibition of Art Work by Aislinn O’Keeffe.	Taispeántas Obair Ealaíne le Aislinn O’Keeffe.
Inter-county Ar fud an chontae	Children of the Revolution Traditional music and song research and performance project drawing on the 1916 Rising.	Children of the Revolution Tionscadal léirithe agus taighde ar amhráin agus ar cheol traidisiúnta ag eascairt as Éirí Amach 1916.

Limerick Luimneach	Anthology of Reactions to 1916, book produced by Limerick Writers’ Centre.	Anthology of Reactions to 1916, leabhar á chur ar fáil ag Ionad Scríbhneoirí Luimnigh.
UCH, Limerick UCH, Luimneach	The University of Limerick (UL) will hold a special concert in May 2016 on the anniversary of the 1916 executions.	Reáchtálfaidh Ollscoil Luimnigh ceolchoirm speisialta i mBealtaine 2016 mar chomóradh ar na duine a cuireadh chun báis i 1916.
Limerick Luimneach	Songs of 1916: A Song Trail of Limerick, is a partnership project with the World Academy of Music in UL and the Arts Office to create a song tour based on 1916 as part of a conference organised by U.L.	Is tionscadal i gcomhar é Songs of 1916: A Song Trail of Limerick, leis an Acadamh Domhanda Ceoil in U.L. agus Oifig na nEalaíon chun turas amhrán a chruthú bainteach le 1916 mar chuid de chomhdháil atá á heagrú ag U.L.
Limerick Luimneach	EVA International Festival 2016 – Still (the) Barbarians – the post-colonial condition of Ireland as a point of departure.	EVA International Festival 2016 – Still (the) Barbarians – staid iarchóilíneach na hÉireann mar thúsphointe.
Limerick Luimneach	Limerick City 5th International Ballad Conference will be held in July 2016, on the theme Songs of Rebellion, Songs of Freedom.	Tionólfar an Limerick City 5th International Ballad Conference i mí Iúil 2016 ar an téama Songs of Rebellion, Songs of Freedom.



Community Participation

Rannpháirtíocht Phobail

Glenquin, Ashford, Limerick Gleann an Choim, Áth na bhFuinseog, Luimneach	Glenquin Castle – re-enactment of march by 300 Volunteers to Glenquin Castle to receive shipment of arms.	Caisleán Ghleann an Choim – ath-achtú ar an máirseáil a rinne 300 Óglach go Caisleán Ghleann an Choim le lastas arm a fháil ó long.
West Limerick Iarthar Luimnigh	Oral History - Record stories of those with 1916 connections.	Stair ó Bhéal – Scéalta a thairfead uathu sin a bhfuil naisc le 1916 acu.
Limerick City Cathair Luimnigh	A community project involving 6 artists from Limerick Printmakers to work with 6 community groups over 6 weeks resulting in an exhibition.	Tionscadal pobail a bhfuil 6 ealaíontóir ó Dhéantóirí Priontaí Luimnigh bainteach leis chun dul ag obair le 6 ghrúpa pobail thar 6 seachtaine a mbeadh taispeántas de thoradh air.

Limerick City Cathair Luimnigh	Limerick 1916 Recreation A weekend of events to commemorate 1916 and life at that time.	Caitheamh aimsire 1916 Luimnigh Deireadh seachtaine imeachtaí chun 1916 agus saol na linne sin a chomóradh.
-----------------------------------	--	--



Global and Diaspora Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

On-line Ar líne	Historic Graveyard project – links to those who fought in 1916.	Tionscadal Reilige Stairiúla – naisc leo siúd a throid i 1916.
On-line Ar líne	Hashtag 1916 - Commemorate 1916 on Social Media.	Haischlib 1916 – Déan 1916 a chomóradh ar na Meáin Shóisialta.

LIMERICK IRELAND 2016 COMMITTEE

Mayor Liam Galvin
Cllr. Shane Clifford
Cllr. James Collins
Cllr. Michael Collins
Cllr. Joe Crowley
Cllr. Marian Hurley
Cllr. Stephen Keary
Cllr. Joe Leddin
Cllr. Malachy McCreesh
Cllr. Gerald Mitchell
Cllr. Emmett O'Brien
Cllr. Séighin Ó Ceallaigh
Cllr. Kieran O'Hanlon
Cllr. John Loftus
Cllr. Kevin Sheahan

COISTE ÉIRE 2016 LUIMNIGH

An Méara Liam Galvin
An Comhairleoir Shane Clifford
An Comhairleoir James Collins
An Comhairleoir Michael Collins
An Comhairleoir Joe Crowley
An Comhairleoir Marian Hurley
An Comhairleoir Stephen Keary
An Comhairleoir Joe Leddin
An Comhairleoir Malachy McCreesh
An Comhairleoir Gerald Mitchell
An Comhairleoir Emmett O'Brien
An Comhairleoir Séighin Ó Ceallaigh
An Comhairleoir Kieran O'Hanlon
An Comhairleoir John Loftus
An Comhairleoir Kevin Sheahan

LIMERICK IRELAND 2016 COORDINATOR:

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

Damien Brady
e: damien.brady@limerick.ie
t: 087 276 8945
w: www.limerick.ie

COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 LUIMNIGH:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

Damien Brady
r: damien.brady@limerick.ie
g: 087 276 8945
i: www.limerick.ie



ÉIRE
IRELAND

1916
.....
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme

Limerick City and
County Council,
Dooradoyle,
Co. Limerick

e: customerservices@limerick.ie
t: 061 49600
w: www.limerick.ie/council

Comhairle Cathrach agus
Contae Luimnigh,
Tuar an Daill,
Co. Luimnigh

r: customerservices@limerick.ie
g: 061 49600
i: www.limerick.ie/council

ireland.ie

